

**Achoimre ar**

**Bhearta Buiséid 2010**

**Athruithe Beartais**

**Achoimre ar Bhearta Buiséid 2010**  
**Athruithe Beartais**

**Clár**

<b>Roinn I – Bearta Cánachais</b>	<b>Leathanach</b>
Cáin Ioncaim .....	3
Cáin Ioncaim Eile .....	3
Máil.....	4
CBL.....	5
<b>Roinn II – Bearta Caiteachais</b>	<b>6</b>
Forléargas.....	6
Caiteachas Reatha .....	7
Leas Sóisialach... ..	7
Sláinte agus Leanaí .....	8
Oideachas agus Eolaíocht.....	9
Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht.....	10
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia.....	11
Ealaín, Spórt agus Turasóireacht .....	11
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádirtha.....	11
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta .....	11
Cosaint.....	11
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil .....	11
Grúpa Airgeadais.....	12
Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Forbraíochta Coigríche.....	12
Grúpa Dlí agus Cirt .....	12
Iompar.....	12
Grúpa an Taoisigh .....	12
Caiteachas Caipitil .....	12
Laghduithe i dtaca le Tuarastail Sheirbhíse Poiblí agus Táillí Proifisiúnta .....	13
Pinsin sa tSeirbhís Phoiblí .....	13
Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta.....	15
Córas Athbhreithnithe Creidmheasa um Iasachtaí Gnó .....	16

Tá na hAguisíní leis an Achoimre ar Bhearta Buiséid atá mar chuid de cháipéisí tacaíochta a bhaineann le Lá an Bhuiséid ar fáil ag [www.budget.gov.ie](http://www.budget.gov.ie). Is iad na hAguisíní ábhartha:-

- Aguisín A: Tionchar bhearta Bhuiséad 2010 ar chatagóirí éagsúla de Shaothróirí Ioncaim.
- Aguisín B: Rátaí Leasa Shóisialaigh agus Sláinte
- Aguisín C: Clár Caipitil an Státchiste: Mórghnéithe
- Aguisín D: Éifeacht na laghduithe tuarastal sa tSeirbhís Poiblí ag leibhéal éagsúla Pá
- Aguisín E: Príomhghnéithe na Cánach Carbóin
- Aguisín F: An Dramhscéim

## Roinn I – Bearta Cánachais le tabhairt isteach in 2010

Beart	Teacht isteach in 2010	Teacht isteach i mBliain Iomlán
<p><b>CÁIN IONCAIM</b></p> <p><b>Srianta ar fhaoisimh nó Beart Cothrománach</b></p> <p>Tá leasú á dhéanamh ar an mbeart srianta ar fhaoisimh don bhliain 2010 agus do na blianta ina dhiaidh sin, d'fhonn ráta éifeachtach de 30% a bhaint amach dóibh siúd atá faoin srianadh iomlán. Is é €125,000 den leibhéal ioncaim coigeartaithe an tairseach iontrála don srianadh seo, agus tiocfaidh an srianadh iomlán i bhfeidhm ag €400,000.</p>	0	+55
<p><b>CÁIN IONCAIM EILE</b></p> <p><b>Faoiseamh Úis Mhorgáiste</b> I gcás iasachtaí cháilitheacha a thógfar amach roimh 1 Iúil 2011 leanfar le faoiseamh ina leith ar feadh seacht mbliana. Cuirfear bearta eatramhacha ar fáil.</p> <p>I gcás iasachtaí cáilitheacha a thógfar idir 1 Iúil 2011 agus deireadh 2012 ina gcás siúd a bheadh i dteideal faoisimh atá ag teacht chun deiridh i 2010 nó níos déanaí murach an t-athrú seo. Leanfaidh a dteidhlíocht chun faoisimh ag an ráta cuí go dtí deireadh 2017.</p> <p>Críoch leis an bhfaoiseamh ar fad faoi dheireadh 2017.</p> <p><b>Liúntas Caipitil</b> Síneadh ar an scéim reatha um liúntas caipitil óna seacht go deich gcatagóir inghlactha le haghaidh treallaimh éifeachtúil fuinnimh a cheannaíonn cuideachtaí.</p> <p><b>Cáin Chorparáideach</b> Síneadh ar an Scéim reatha um dhíolúine trí bliana saor ó cháin ar Ioncam agus ar ghnóthacháin tionscantacha chun cuideachtaí a thosaigh ar thrádáil i 2010 a chuimsiú. Meastar go gcosnóidh an beart seo timpeall €15m thar thréimhse trí bliana.</p> <p><b>Faoiseamh ón Tobhach Ioncaim i gcás caiteachais áirithe feirme</b></p> <p>Ceadófar faoiseamh ón tobhach cánach i gcás caiteachais áirithe ag feirmeoirí chun riachtanais Treorach Nitrigín an AE 91/676/EEC a chomhlíonadh. Meastar go gcosnóidh an beart seo timpeall €6m thar thréimhse trí bliana agus go gcosnóidh sé €1.8m in 2010.</p>	-1	-2
	-1.8	-

<p><b>MÁIL</b> <b>Laghdú ar Mhál ar Alcól</b></p> <p>Laghdófar an Dleacht Máil de 12 ceint ar phionta (lena n-áirítear CBL) ar bheoir agus ar cheirtlis, agus de 14 ceint ar leathghloine (CBL san áireamh). Tá an Dleacht Máil ar bhuidéal fíona de 75cl á laghdú de 60 ceint (lena n-áirítear CBL), le héifeacht ó mhéanoíche ar 9 Nollaig 2009.</p> <p><b>Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF)</b></p> <p>Tabharfar an pacáiste seo de bhearta a leanas isteach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dramhscéim Ghluaisteáin</li> <li>• Síneadh ar an díolúine i gcás feithiclí leictreacha</li> <li>• Leathnú ar an scéim faoisimh i gcás feithicle hibride le plocóid</li> </ul> <p>Le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 tabharfar dramhscéim ghluaisteáin isteach, a leanfaidh go dtí 31 Nollaig 2010. Cuirfear faoiseamh CCF suas le €1,500 ar fáil i gcás gluaisteáin atá deich mbliana nó níos sine, nuair a dícháileofar é de réir critéir áirithe agus gluaisteán nua le bandaí astúite A nó B (sé sin, astúite CO<sub>2</sub> de 140g/km nó níos lú) á cheannach. Tá mionsonraí na dramhscéime seo leagtha síos in Agusín F atá ar fáil ar <a href="http://www.budget.gov.ie">www.budget.gov.ie</a>.</p> <p>Tá an ráta reatha díolúine ar CCF i leith sraith-thairgeadh feithiclí leictreacha agus an ráta faoisimh, suas go €2,500 ar shraith-thairgeadh feithiclí le plocóid (atá le críochnú sa dá chás ar an 31 Nollaig 2010) le leathnú amach anois ar feadh dhá bhliain go dtí Nollaig 2012.</p>	<p>-90</p> <p>Neodrach ó thaobh Ioncaim go ginearálta</p>	<p>-90</p> <p>Neodrach ó thaobh Ioncaim go ginearálta</p>
<p><b>Cáin Charbóin</b></p> <p>Tá cáin charbóin ar ráta de €15 an tona ar bhreosla iontaise á tabhairt isteach. Bainfidh an cháin le peitreal agus carr-dhíosal le héifeacht ó mheán oíche, 9 Nollaig 2009; agus ó 1 Bealtaine 2010 le Ceirisín, Ola Gháis Mharcáilte, Gás Leachtach Peitriliam (LPG), Ola Breosla agus Gás Nádúrtha. Tá feidhmiú na cánach i leith guail agus móin thráchtála faoi réir Ordú Tosaithe. Ní fheidhmeofar díolúine ón gcáin ach i gcás rannpháirtithe i Scéim Trádála an AE um Astúite (ETS) i dtaca le breoslaí a chuimsítear sa Scéim. Tá breis eolais ar an gcáin charbóin leagtha amach ag Agusín E atá ar fáil ar <a href="http://www.budget.gov.ie">www.budget.gov.ie</a>.</p>	<p>+250 (CBL san áireamh)</p>	<p>+330 (CBL san áireamh)</p>

<b>CÁIN BHREISLUACHA</b>		
<b>Laghdú ar an ráta caighdeánach CBL ó 21.5 faoin gcéad go 21 faoin gcéad.</b> Laghdófar an ráta caighdeánach CBL ó 21.5 go 21 faoin gcéad le héifeacht ó 1 Eanáir 2010. Bainfidh an laghdú seo leis na hearraí agus na seirbhísí go léir atá faoi CBL de 21.5 faoin gcéad anois.	-140	-167
<b>Iomlán</b>	<b>+17.2</b>	<b>+126</b>

## Roinn II - Bearta Caiteachais le tabhairt isteach in 2010

Tá soláthar déanta i mBuiséad 2010 le haghaidh coigiltis go foriomlán de €3,090 milliún san Ollchaiteachas Reatha agus de €961m san Ollchaiteachas Caipitil \* i gcoibhneas leis an staid réamhbhúiséadach mar a foilsíodh ar an Satharn 5 Nollaig 2009. Tá na meastacháin chaiteachais mhionsonraithe 2010 i leith gach réimse ar fáil ar [www.budget.gov.ie](http://www.budget.gov.ie) mar chuid de cháipéisí tacaíochta a bhaineann le Lá an Bhuiséid.

Is forléargas é seo a leanas ar na coigiltis chaiteachais:-

<b>Buiséad 2010 – Coigiltis ar Chaiteachas</b>		€m
Coigeartuithe measta ó <i>Pre-Budget Outlook</i> (Samhain 2009) go 2010 <i>Meastacháin Fáiltais agus Caiteachais</i> ('Paipéar Bán', Nollaig 2009)		243
<i>Coigiltis ar Chláracha um Chaiteachas Reatha in aghaidh staid an 'Pháipéir Bháin'</i>		
Gnótháí Shóisialacha agus Teaghlaigh		760
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia		20
Ealaín, Spórt agus Turasóireacht		28
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha		13
Gnótháí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta		15
Cosaint		38
Fiontar, Tradáil agus Fostaíocht		53
Oideachas & Eolaíocht		134
Comhshaol, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil		78
Airgeadas		58
Gnótháí Eachtracha		22
Sláinte agus Leanaí		400
Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí		49
Grúpa Vótaí an Taoisigh		12
Iompar		60
Cláracha nach mbaineann le Leas Sóisialach	<i>Fo-iomlán</i>	976
Coigiltis eile ó chláracha idir-ranna +		106
	<i>Coigiltis ar Chláracha Caiteachais Reatha</i>	2,085
Coigiltis Fáil-Rolla **		1,005
<b>Coigiltis Iomlán ar Chaiteachas Reatha</b>		<b>3,090</b>
<b>Coigiltis Chaipitil</b>		<b>961</b>
<b>Coigiltis Iomlán Chaiteachais</b>		<b>4,051</b>

D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag baillechrúinniú ar na hiomlána.

\* áiríodh coigiltis chaipitil de €750m sa Léargas Réamh-Bhúiséid a foilsíodh i Mí na Samhna +coigiltis go príomha le fáil ó dheontais, ó dheontais-i-gcabhair agus ó thailí profisiúnta

\*\*glanlaghdú fritháirithe ar fháltais ó thobhach pinsin

Tá na príomhchoigeartuithe caiteachais a bhaineann le gach Roinn le fáil thall

<b><u>Caiteachas Reatha</u></b>		
<b>Beart</b>	<b>Teacht isteach in 2010</b>	<b>Teacht isteach i mBliain Iomlán</b>
<b><u>LEAS SÓISIALACH</u></b>	<b>-760</b>	<b>-809</b>
<b>Daoine in Aois Oibre</b> Go ginearálta, laghdóidh an t-uasráta pearsanta do na scéimeanna seachtainiúla go léir (seachas na rátaí pearsanta a bhaineann le daoine in aois 66 bliana agus os a chionn) de mhéideanna idir €8.20 agus €8.50 sa tseachtain, ón gcéad seachtain in Eanáir 2010 agus bainfidh lagduithe comhréireacha le daoine ar rátaí lagduithe íocaíochta.	-425	-425
Laghdóidh Uas-liúntas ghaolmhara do Dhaoine Fásta Cáilithe (QAA) de €5.50 sa tseachtain ón gcéad seachtain in Eanáir 2010, agus bainfidh lagduithe comhréireacha le daoine atá ar rátaí laghdaithe íocaíochta.		
Beidh laghdú freisin de €10 sa tseachtain ar an uasráta agus laghdú de €4.50 sa tseachtain ar an íosráta Sochair Mháithreachais agus Sochair Uchtaithe ón gcéad seachtain in Eanáir 2010.	-11	-11
<b>Bearta Gníomhachtaithe</b> Tá roinnt athruithe sna scéimeanna um Liúntas Lorgóirí Oibre agus um Liúntas Forlíontach Leasa mar atá thíos:	-94	-197
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabharfar isteach uasrátaí pearsanta nua don Liúntas Lorgóirí Oibre agus don bhun-Liúntas Forlíontach Leasa i gcás iarrthóirí nua in aois 20 go 24 bliana (agus an dá bhliain sin san áireamh). Is é an ráta nua, €100 sa tseachtain do iarrthóirí nua in aois 20 go 21 bliana agus €150 sa tseachtain do iarrthóirí in aois 22 go 24 bliana. Is €100 freisin a bheidh sa ráta do Dhaoine Fásta Cáilithe lena mbaineann an Liúntas Lorgóirí Oibre/bun-Liúntas Forlíontach Leasa i gcás iarrthóirí in aois 20 agus 21 bliana agus €130.10 sa tseachtain i gcás iarrthóirí in aois 22, 23, 24 bliana. Ní bhainfidh na rátaí laghdaithe seo le héilitheoirí le leanaí cleithiúnacha.</li> <li>• Laghdófar an ráta pearsanta don Liúntas Lorgóirí Oibre agus an bun-Liúntas Forlíontach Leasa go €150 sa tseachtain i gcás éilitheoirí a dhiúltaíonn úsáid a bhaint as bearta gníomhachtaithe oibre nó as cúrsaí oiliúna. Foilseofar tuilleadh sonraí i dtaobh an bhirt seo sa Bhille Leasa Shóisialaigh, 2010.</li> </ul>		
<b>Leanaí</b> Laghdófar rátaí Sochair Linbh de €16 sa mhí ó Eanáir 2010, mar sin is €150 sa mhí a bheidh san ísealráta, agus €187 sa mhí san ardráta.	-221	-221

Le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 ardófar de €3.80 in aghaidh na seachtaine an ráta maidir le Leanbh Cáilithe.	+84	+84
Ardófar tairseacha Forlíontacha ar Ioncam Teaghlaigh (FIS) de € in aghaidh na seachtaine i ndáil le gach leanbh.	+14	+14
<b>Forlíonadh Cíosa</b> Déanfar coigiltis de bharr athbhreithnithe ar uasleibhéil cíosa.	-20	-20
<b>Sochair Cóireála Leighis</b> I 2010, srianófar na teidlíochtaí faoin Scéim Sochair Cóireála leighis do Fhearais Leighis agus Máinliachta agus do shaoreilimintí tástála sna scéimeanna Sochair Fiaclóireachta agus Súl.	-54	-
<b>Bearta Smachta</b> Beidh coigiltis bhreise de €33m de bharr bearta ginearálta smachta i 2010.	-33	-33
In Aguisín B leagtar amach na rátaí leasaithe íocaíochta in aghaidh na seachtaine agus na míosa a bhainfidh leis na híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh éagsúla ó Eanáir 2010.		
<b><u>SLÁINTE AGUS LEANAÍ</u></b>	<b>-400</b>	<b>-415</b>
<b>Laghdú ar íocaíochtaí chuig soláthróirí Cógaisíochta</b> Is measúnú iad na laghduithe ar chostas i leith aisíoc foriomlán tríd an tSeirbhís Ghinearálta Sláinte agus tríd na scéimeanna drugaí pobail de bharr na gcainteanna atá ar bun le déantúsóirí cógaisíochta.	-141	-141
<b>Méadú de €20 i dTairseach na Scéime Íocaíochtaí Drugaí (DPS)</b> Tá tairseach na Scéime Íocaíochtaí Drugaí á árdú ó €100 go €120 in aghaidh na míosa	-27	-27
<b>Táille de 50 ceint an ceann ar Oideas</b> Le blianta beaga anuas, faoin tSeirbhís Ghinearálta Sláinte, tá méadú tagtha ar líon na n-oideas ó 12.79m i 2004 go 15.65m i 2008. Sa tréimhse céanna tá líon na n-oideas dáilithe tríd an tSeirbhís Ghinearálta Sláinte arduithe ó 35m go 48.21m. Chun aghaidh a thabhairt ar na costais ghaolmhara seo, táthar chun 50 ceint an ceann a ghearradh ar gach oideas faoi réir tairseach de €10 in aghaidh na míosa don teaghlach, i leith na scéime faoin tSeirbhís Ghinearálta Sláinte agus faoin scéim LTI.	-15	-25
<b>Bailiú ioncain príobháidigh</b> Tá suimeanna suntasacha fós gan íoc maidir le faighteoirí cóireála príobháideacha agus leathphríobháideacha ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus in Ospidéal atá maoinithe acu. Tá bearta idir lámha chun dáileadh na mbillí agus an próiseas íocaíochta a dheifriú d'fhonn méideanna atá dlite a laghdú. Dá bharr seo beidh méadú ar theacht isteach na nOspidéal.	-75	-75

<p><b>Leasú ar Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta (DTSS)</b>  Faoi Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta, is féidir le sealbhóirí fásta le cárta leighis seirbhísí fiaclóireachta a fháil ó fhiacloir i gcleachtadh príobháideach atá ar conradh ag an FSS (HSE). Tá méadú de 60% ar chaiteachas faoi Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta le cúig bliana anuas. Chun na coigiltis a imlínítear i mBuiséad 2010 a fháil, cuirfidh an FSS bearta a bhfeidhm chun caiteachas an DTSS a choiméad ag leibhéal na bliana 2008.</p> <p><b>Barrainneachtaí FSS</b>  Tabharfaidh an FSS faoi bhearta breise chun laghduithe costais a bhaint amach de bharr a gClár um Luach ar Airgead le dhá bhliain anuas. Ar na costais a ndíreofar orthu an bhliain seo chugainn tá soláthar, iompar, árachas agus coigiltis neamhphá eile</p> <p><b>An Roinn Sláinte agus Leanaí</b>  Tá laghduithe á ndéanamh ag an Roinn ar chaiteachas neamhphá agus ar chaiteachas a gcuid gníomhaireachtaí a mhaoinítear go díreach.</p> <p><b>An Clár Infheistíochta Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCIP)</b>  Beidh coigiltis ar chaiteachas ar an Scéim Fhóirdheontais Phobail um Chúram Leanaí (CCSS) de bharr athruithe ar an Scéim sin le héifeacht ó Mheán Fómhair 2010.</p> <p><b>Moltaí Thurascáil Uí Riain</b>  Déanfar soláthar i 2010 do chur i bhfeidhm moltaí Thurascáil Uí Riain. Leagfar mionsonraí an dáiliúcháin síos in Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe 2010.</p>	<p>-30</p> <p>-106</p> <p>-3.5</p> <p>-2.5</p>	<p>-30</p> <p>-106</p> <p>-3.5</p> <p>-7.5</p>
<p><b><u>OIDEACHAS AGUS EOLAÍOCHT</u></b>  Mar a leanas atá na príomhchoigeartuithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Éifeachtúlachtaí i gcúrsaí foirne agus neamhphá eile in Earnáil an Ard-Oideachais;</li> <li>• Maoiniú don Chiste Straitéiseach Nuála a laghdú;</li> <li>• Laghdú ar rátaí na nDeontas Tacaíochta do Mhic Léinn agus Youthreach, VTOS, liúntais srl;</li> <li>• Teidlíocht i leith deontais tacaíochta do mhic léinn a bhaint de Fhaighteoirí an Deontais chun filleadh ar Oideachas agus i leith liúntais áirithe VTOS;</li> <li>• Seirbhísí tacaíochta múinteoirí a chuíchóiriú;</li> <li>• Éifeachtúlachtaí riaracháin in Iompar Scoile;</li> <li>• Coigiltis eile i réimse de chláracha.</li> </ul>	<p><b>-134</b></p> <p>-50</p> <p>-8</p> <p>-13</p> <p>-4</p> <p>-7</p> <p>-9</p> <p>-43</p>	<p><b>-200</b></p> <p>-50</p> <p>-16</p> <p>-13</p> <p>-35</p> <p>-7</p> <p>-9</p> <p>-70</p>

<p><i>Bearta Breise Caiteachais</i></p> <p>Le chois na mbearta coigiltis seo tá soláthar i Meastacháin 2010 chun tiomantais sa Chlár Rialtais a chur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Soláthar de 500 múinteoir breise thar 3 bliana, le chois múinteoirí breise chun brúnna déimeagrafacha a shásamh agus chun a chinntiú nach méadófar an coibhneas Dalta-Múinteoir;</li> <li>• Deontais Caipitíochta a choinneáil agus maoiniú breise a sholáthar do leabhair agus imeachtaí curraclaim;</li> <li>• Soláthar do 28 siceolaí breise faoi NEPS;</li> <li>• Costais méaduithe do Chlár VTOS;</li> <li>• Cur chun cinn na Gaeilge i scoileanna, mar chuid den Stráitéis nua 20 bliain don Ghaeilge.</li> </ul> <p>Baineann costas de €57.5m i 2010 leis na bearta breise seo (soláthar déanta dóibh sa 'Phaipéar Bán' de 4 Nollaig 2009) agus de €172.5m i mbliain iomlán.</p>	<p>(Costais sa 'Phaipéar Bán')</p>	<p>(Costais sa 'Phaipéar Bán')</p>
<p><b>FIONTAR, TRADÁIL AGUS FOSTAÍOCHT</b></p> <p>Laistigh den leithdháileadh foriomlán do Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht, díreofar acmhainní ar mhaithe le Bearta Tacaíochta don Tionscal Bia agus le bearta éagsúla gníomhachtaithe ar a mbeidh Cúrsaí Oiliúna 10/20 seachtain le FÁS nó sannadh foirne d'fhonn spásanna sannta breise oiliúna agus nuascileanna a sholáthar do dhaoine dífhostaithe; agus Ciste Gníomhachtaithe d'fhonn moltaí gníomhachtaithe a lorg i gcoitinne chun díriú ar na hearnálacha tógála agus ísealscileanna.</p> <p>Déanfar coigiltis sna réimsí seo a leanas:-</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Laghdú ar mhaoiniú do FÁS agus Skillnets le hoiliúint a thabhairt do dhaoine fostaithe;</li> <li>• Laghdú sa deontas i leith oiliúna CE agus fearais gaolmhara do Fhostaíocht Phobail;</li> <li>• Laghdú i líon na n-áiteanna do FÁS ar chúrsaí páirt-aimseartha tríú leibhéal agus clabhsúr á chur le Dúshlán Eolaíochta (ag críochnú i 2009);</li> <li>• Críoch le Liúntas Óiliúna FÁS de €204.30 sa tseachtain do iontrálaithe nua nach bhfuil i dteideal Liúntas/Sochar Lorgóirí Oibre;</li> <li>• Laghdú ar Mhaoiniú Reatha Neamh-Phá i leith gníomhaireachtaí agus Oifigí faoi choimirce na Roinne Fiontar, Tradála agus Fostaíochta;</li> <li>• Laghdú ar Mhaoiniú Reatha Neamh-Phá do chláracha Eolaíochta agus Teicneolaíochta;</li> <li>• Laghdú ar liúntais i leith Fostaíocht Phobail/Tionscnaimh Jabanna;</li> <li>• Réimse de Mhionlaghduithe i gcláracha agus i seirbhísí eile.</li> </ul>	<p><b>-50</b></p>	<p><b>-50</b></p>

<b>COIGEARTUITHE EILE RANNA</b>		
<p><b><u>Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia</u></b> Laghduithe ar dheontais-i-gcabhair do Ghníomhaireachtaí Stáit; measúnú laghduithe ar sholáthar Taighde agus Oiliúna, Sabháilteacht Bhia agus Sláinte Ainmhithe; ciorruithe sa Bhuiséad Riaracháin Neamhpá; chomh maith le coigiltis ag eascairt go leanúnach as críoch leis an Scéim Luathscoir.</p>	<b>-20</b>	<b>-20</b>
<p><b><u>Ealaín, Spórt agus Turasóireacht</u></b> Laghduithe ar leithdháileadh ar chláracha um thurasóireacht, spóirt agus tacaíochtaí cultúrtha</p>	<b>-28</b>	<b>-28</b>
<p><b><u>Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nadúrtha</u></b> Laghduithe i réimsí éagsúla ar a bhfuil maoiniú do TG4 agus na Boird Iascaigh Láir agus Réigiúnacha. Anuas ar sin, tá laghdú de €7m sa leithdháileadh do RTÉ, An Post, agus an Ciste Craolacháin i gcomhréir le fáltais laghduithe ón táille ceadúnais chraolacháin. Tá €5m breise curtha ar fáil don chlár taighde um Bonneagar Peitri Liam a mhaoinítear as an gceadúnas taiscéalaíochta</p>	<b>-13</b>	<b>-13</b>
<p><b><u>Gnóthaí Pobail, Tuaithe, agus Gaeltachta</u></b> Coigiltis i réimsí éagsúla agus san áireamh tacaíochtaí do Phobail i mbéal Forbartha, maoiniú don Tionscnamh Drugaí, forbairt Tuaithe Gaeltachta agus Oileán agus tacaíochtaí don Ghaeilge.</p>	<b>-15</b>	<b>-15</b>
<p><b><u>Cosaint</u></b> Laghdú i líon na mball ag feidhmiú thar lear, i laethanta patróil na Seirbhíse Muirí agus uaireanta eitilte an Aerchóir, agus laghduithe costais neamhphá ar a bhfuil laghdú ar na laethanta oiliúna le pá don Fhórsa Cosanta Cúltaca. Deireadh le Scéim Oiliúna Seolta <i>Coiste an Asgard</i>.</p> <p>Méadófar leithghabhalachta-i-gcabhair ar a mbeidh táillí le gearradh ar an bPost, ar an mBanc Ceannais agus ar eagraíochtaí eile as seirbhísí ar an mbonn céanna leis na Bainc. Beidh méadú freisin ar fháltais ón NA i leith oibríochtaí thar lear</p>	<b>-38</b>	<b>-43</b>
<p><b><u>Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil</u></b> Beidh laghdú sa chuid is mó de na fo-mhírchinn agus san áireamh tithíocht agus an Ciste Rialtais Áitiúil. Beidh athrú sa chlár infheistíochta um thithíocht shóisialta agus in áit éadála agus tógála, díreofar ar mheicníochtaí seachadta atá de réir an mhargaidh, atá ar chostais níos lú, lena n-áireofar léasanna.</p>	<b>-78</b>	<b>-78</b>

<p><b><u>Grúpa Vótaí Airgeadais</u></b> Coigiltis Riaracháin agus barrainneachtaí foirne i ngach réimse ar a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Déanfaidh an OOP cóiríocht oifige i mBaile Átha Cliath a chuíchoiriú. Beidh géilleadh léasanna san áireamh, agus barrainneachtaí in innealtóireacht agus i gcothabháil chomh maith, agus de bharr uaireanta oscailte leasaithe ag páirceanna agus ag séadchomharthaí Náisiúnta.</p>	<b>-58</b>	<b>-62</b>
<p><b><u>Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Forbraíochta Coigríche</u></b> Beidh coigiltis de bharr éifeachtúlachtaí riaracháin agus líuntais ar sheirbhís thar lear san áireamh, maraon le híocaíochtaí laghdaithe do eagraíochtaí idirnáisiúnta agus níos lú caiteachais ar thacaíocht eisimirceach.</p>	<b>-22</b>	<b>-22</b>
<p>Sna Meastacháin Buiséid do 2010 tá soláthar le haghaidh méadú sa Chúnamh Forbraíochta Coigríche de 0.52% den OTN chomh maith.</p>	<b>(Costais sa ‘Pháipéar Bán’)</b>	<b>(Costais sa ‘Pháipéar Bán’)</b>
<p><b><u>Grúpa Vótaí Dlí agus Cirt</u></b> Déanfar laghduithe ar mhórán reimsí. Táthar ag leanúint le maoiniú a chur ar fáil do chláracha a bhaineann le comhionannas, míchumas, tearmann, promhadh, cúnamh dlí, agus don íocaíocht aonadach do Ilfhoirgneamh na gCúirteanna Coiriúla.</p>	<b>-49</b>	<b>-49</b>
<p><b><u>Grúpa Vótaí an Taoisigh</u></b> Feidhmeofar raon de éifeachtúlachtaí riaracháin agus de athstruchtúrú eagrúcháin ar fud na Roinne agus a Gníomhaireachtaí, maraon leis na hOifigí Dlí agus leis an Phríomh-Oifig Staidrimh.</p>	<b>-12</b>	<b>-12</b>
<p><b><u>Iompar</u></b> Sainaitníodh coigiltis de bharr fheidhmiú pleanáilte na gclár éifeachtúla éagsúla ar fud na hearnála iompair, agus freisin de bharr laghdaithe ar roinnt cláracha caiteachais. Tiocfaidh na coigiltis tríd síos ó chuideachtaí CIE agus ó eifeachtúlachtaí riaracháin na Roinne Iompair agus ó laghduithe i gcaiteachas a thagann ach go háirithe de bharr ciorraithe 10% i gcothabháil bóithre.</p>	<b>-60</b>	<b>-60</b>

### **Caiteachas Caipitil**

Ar bhonn athbhreithniú cuimsitheach ar chlár infheistíochta caipitil an Rialtais, foirmlíodh leithdháileadh caipitil Státhiste de €6445m do 2010, le clár infheistíochta tascach Státhiste de bhreis agus €39 billiún ó 2010 go dtí 2016. Déanfar forlíonadh de €126m i leithdháilí a thabharfar ar aghaidh ó 2009, agus díreofar é ar chruthú jabanna inmharthana agus in athshlánú eacnamaíochta a thagann le stráitéis an Rialtais chun geilleagar iomaíoch Cliste/Glas a thógáil. Tá teacht ar mhionsonraí an Chláir Infheistíochta Caipitil do 2010 in Aguisín C atá ar fáil ar [www.budget.gov.ie](http://www.budget.gov.ie)

## Laghduithe i dtaca le tuarastail sheirbhíse poiblí agus táillí proifisiúnta

Laghdófar tuarastail seirbhíse poiblí mar seo a leanas:

- 5% ar an gcéad €30,000 de thuarastal
- 7.5% ar an gcéad €40,000 eile de thuarastal
- 10% ar an gcéad €5,000 eile de thuarastal

Dá thoradh seo, laghdófar tuarastail tríd síos idir 5% agus díreach faoi bhun 8% i gcás tuarastal suas go €125,000

Murab ionann agus na laghduithe thuasluaite, coigeartófar tuarastail os cionn an leibhéil seo de réir moltaí an Ghasra Athbheithnithe ar Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí. Dá thoradh seo, beidh laghduithe ó 8% ar thuarastail suas go €165,000, 12% ar thuarastail suas go €200,000, 15% ar thuarastail de €200,000 nó níos mó agus 20% i gcás an Taoisigh. De bharr na mbeart seo beidh coigiltis **de bhreis agus €1 billiún in 2010** agus i mbliain iomlán.

In Aguisín D léiritéar éifeacht na laghduithe tuarastail thuasluaite ag leibhéil difriúla pá. Lena chinntiú gur féidir aon mhéadú ar líon na scor a láimhseáil, tá i gceist sa dréacht-reachtaíocht um laghduithe pá sa tseirbhís phoiblí go mbeidh aon scor sa bhliain 2010 ar bhonn tearmaí pá reatha, réamhchiorraithe.

Anuas ar sin, tá i gceist ag an Rialtas laghduithe breise a chur i bhfeidhm ar tháillí a íocann comhlachtaí Stáit i leith seirbhísí proifisiúnta, i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta ábhartha, d'fhonn coigiltis Státchiste de **€6m ar a laghad** a shaothrú. Tiocfar ar chogiltis eile de bharr laghduithe ginearálta ar dheontais agus ar dheontais-i-gcabhair a íoctar ar fud na Ranna.

## Pinsin sa tSeirbhís Phoiblí

**Tabharfar isteach scéim úrnua amháin do na hIontrálaithe nua go léir sa tSeirbhís Phoiblí ó 2010 ar aghaidh – le príomhforálacha mar a leanas:**

- **Íosaois pinsin sa tSeirbhís Phoiblí a ardú go 66 bliana** i dtús báire ó 65 mar atá, lena chur i gcomhréir agus lena cheangal as seo amach le haois an Stát-Phinsin;
- **Uasaois scoir de sheachtó bliain a shocrú - chealaigh Acht Luach Saothair na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004** an íosaois i leith mórán iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí; i gcás baill foirne a earcaíodh roimh 2004, baineann aois scortha de 65 bliana leo de gnáth; agus
- **Pinsin le bheith bunaithe ar “mheántuillimh gairmré” seachas ar an tuarastal deiridh mar atá faoi láthair.** Feidhmeofar “ráta fabhráithe pinsin” go sainúil i leith pá inphinsin ionas go dtuillfidh nó go bhfabhróidh seirbhísigh poiblí suim áirithe pinsin gach bliain a bheidh iníoctha ar scor. Is córas é seo atá níos cothroime, níos córa agus níos forásaí; laghdaíonn sé pinsean na n-ardsaothróirí, go háirithe agus iad anonn sa ghairmré; níl an oiread céanna tionchair aige ar phinsin seirbhíseach poiblí atá ar phá níos ísle le tuillimh acu atá réasúnta “cothrom”, amhail altraí agus oibríthe láimhe.

Is bearta suntasacha leasaithe iad seo. Tabharfar reachtaíocht isteach go luath i 2010 chun na bearta seo a chur in éifeacht.

Déanfaidh an Rialtas úsáid an Innéacs Praghsanna Tomhaltais a mheas mar bhonn do mhéadaithe iar-scoir i gcás pinsinéirí, idir reatha agus nua, araon. De bharr an athraithe seo, laghdófaí costas achtúireach pinsin na seirbhíse poiblí ó shuim mheasta de €108 billiún go €87 billiún. In imeacht aimsire, beidh buntáistí agus éifeachtaí suntasacha riaracháin mar thoradh ar an aonscéim amháin seo don tSeirbhís Phoiblí, a thabhairt isteach.

I gcás seirbhísigh poiblí reatha a bheidh ag scor tar éis 2010 (nó tar éis tréimhse níos faide a údarófar le hIonstraim Reachtuil), measfaidh an tAire pé athruithe dlí, más ann dóibh, a bheidh oiriúnach, agus cuirfidh se tograí ar fáil mar chuid de reachtaíocht tionscanta don aonscéim nua.

Tá i gceist go measfadh an Rialtas sonraí eile den aonscéim nua agus é ag tabhairt an reachtaíocht chuí chun críche, tar éis comhairliúcháin idir an Roinn Airgeadais agus fostóirí na seirbhíse poiblí agus na ceardcumainn. Agus an scéim nua á forbairt measfaidh an Rialtas:

- **ranníocaíocht pinsin an fhostaí** - fanann ráta ranníocaíochta pinsin an fhostaí ag 6.5% ach d'fhéadfadh go mbainfeadh sé le pá iomlán inphinsin;
- **ráta fabhraithe pinsin a bhaineann le pá inphinsin**, ag cur san áireamh an teidlíocht ar Stát-Phinsin;
- **luaththearmaí fabhraithe** – faoi láthair baineann tearmaí dá leithéid i gcoitinne leis na Gardaí, na Buan-Fhorsaí Cosanta, Oifigigh Phríosúin agus Lucht Dóiteáin. Coimeádfaidh na grúpaí seo a n-aoiseanna luathscoir a léiríonn riachtanais feidhmíochta. Leanfar lena bpinsin a íoc leo ag na haoiseanna luathscoir seo, mar is amhlaidh atá faoi láthair; cuirfear deireadh le téarmaí speisialta amhail blianta breise agus sochair luathscoir nach bhfuil laghduithe go hachtúireach; agus
- na téarmaí a bhainfidh leis **an Uachtarán, le baill an Oireachtais, leis an mBreithiúnacht agus leis an Ard-Aighne.**

## **Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta**

Tá sé i gceist go mbunófar Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta go luath san Athbhliain d'fhonn cuidiú le maoiniú an Chláir Infheistíochta Chaipitil atá mar bhonn ag an mBhuiséad seo (sé sin, ní úsáidfear é chun caiteachas breise a mhaoiniú).

Beidh an Banna de bhreis ar réimse reatha de tháirgí 'Státchoigiltis' (bannaí coigiltis, teastais choigiltis, duaisbhannaí, coigiltis náisiúnta tráthíochta, agus cuntas taisce de chuid Oifig an Phoist).

Is iad príomhghnéithe an Bhanna nua ná:-

- is féidir le hinfheisteoirí tréimhse ama de chúig bliana, seacht mbliana nó deich mbliana a roghnú;
- íocfar ús go bliantúil;
- beidh infheisteoirí i dteideal bónas deiridh fuascailte ag an tráth aibíochta, chun iad a ghríosú lena gcistí a fhágáil ar infheistíocht – beidh bonas difriúil do chuile thréimhse infheistíochta;
- cuirfear mionsonraí cánach an bhanna ar fáil sa Bhille Airgeadais 2010;
- is féidir infheistíocht a dhéanamh sa bhanna de réir cnapshuime nó de réir íocaíochtaí ó am go chéile;
- beidh teacht ar an mBanna sna bealaí seo a leanas
  - idirlíon
  - teileafón
  - dochar díreach
  - ag d'Oifig an Phoist áitiúil

Is iad An Post a dhíolfaidh an Banna ar son Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA). Déanfaidh an NTMA sonraí breise a fhógairt go luath san Athbhliain.

## **Córas Athbhreithnithe Creidmheasa um Iasachtaí Gnó**

Tá ceart achomhairc á thabhairt do Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME), do fhiontair feirme agus do thrádálaithe aonair nuair a dhiúltaítear iarratas ar chreidmheas ag banc rannpháirteach tar éis do phróiseas inmheánach an bhainc a bheith tugtha chun críche. I gcás go moltar creidmheas a thabhairt, ní mór don institiúid rannpháirteach a dhiúltaigh an creidmheas déanamh dá réir anois, nó míniú a sholáthar i scríbhinn.

I gcás nach dtógann an institiúid rannpháirteach cinneadh ar iarratas lastigh de thréimhse réasúnta de 15 lá oibre, nó sa chás go bhfuil na téarmaí/na coinníollacha a bhaineann leis an áis creidmheasa ró-dhian, nó má tá an praghas ró-ard, áireofar é seo mar dhiúltú dáiríre, agus cruthaíonn sé ceart chun achomharc a dhéanamh. Gearrfar táille i leith chuile achomhairc. Is é an banc a dhéanfaidh aisíoc ar an táille má éiríonn leis an achomharc.

Tá iarrtha ar an Uasal John Trethowan maoirsiú a dhéanamh ar bhunú an chórais athbhreithnithe creidmheasa seo, le tacaíocht riaracháin ó Fhiontar Éireann i dtús báire.

Maidir le gach institiúid rannpháirteach, déanfar anailís ar na hachomhairc agus ar a dtorthaí, go rialta. Foilseofar an anailís ach ní shárófar rúndacht tráchtála na gcustaiméirí.

Anuas ar athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí gnó aonair, beidh i gceist freisin sa chóras athbhreithnithe, athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chleachtais creidmheasa na mbanc, i dtaca leis an hearnálacha SME go léir. Tabharfar aird ar leith ar earnálacha lena luaitear strusanna, amhail an earnáil miondíola, agus trádálaithe gluaisteáin, turasóireacht agus talmhaíocht ach go háirithe. Déanfaidh an tUasal Trethowan agus a fhoireann athbhreithniú ar pholasaithe creidmheasa na mBanc, agus infhaighteacht creidmheasa san áireamh. Cuirfidh sé an tuairisc seo chuig an Aire Airgeadais. Dá thoradh sin, cuideoidh sé leis an Aire teacht ar chinneadh maidir le céard eile is gá a dhéanamh sa réimse seo.